

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**  
**SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**  
**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**  
**EARRACH 2020**

---

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA**  
**TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,  
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in  
[http://www.tuairisc.ie.](http://www.tuairisc.ie;); [http://www.feilnagealai.ie](http://www.feilnagealai.ie;); [http://www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie;);  
[http://www.donegaletb.ie](http://www.donegaletb.ie;); [http://www.oireachtas.ie](http://www.oireachtas.ie;);  
[http://www.glórnangael.ie](http://www.glórnangael.ie;); [http://www.galway2020.ie](http://www.galway2020.ie;);

## **Treasa:**

Institiúid Oideachais Marino, 2020.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

**[Bleep]**

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

# Treasa: Fógra 1

## (Canúint na Mumhan)

### Áine:

Fógra anseo ó *Comhaontas na Luathbhlianta* agus *Gaeloideachas*. Beidh agóid náisiúnta ar siúl amárach i mBaile Átha Cliath chun tacaíocht a lorg ón Rialtas d'earnáil na luathbhlianta i gcoitinne agus chun pá cóir a lorg do mhúinteoirí náionraí.

Beidh múinteoirí, bainisteoirí, tuismitheoirí agus fiú páistí ag teacht le chéile ar a ceathrú tar éis a haon déag ag an nGairdín Cuimhneacháin, Cearnóg Parnell agus siúlfaidh siad chomh fada le Dáil Éireann ansin. Tá na heagraithe ag súil leis go mbeidh slua mór glórmhar i láthair.

Mura mbíonn tú in ann a bheith ann, is féidir leat tacú leis an bhfeachtas trí scéal a roinnt ar na meáin shóisialta. Tá tuilleadh eolais faoin bhfeachtas, agus faoin agóid, ar fáil trí ríomhphost a chur chuig [colas@gaeloideachas.ie](mailto:colas@gaeloideachas.ie) nó trí ghlaó a chur ar 01-8535195.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

## Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

### Seosamh:

Fógra anseo ó Choiste Fhéile na Gealaí. Beidh Féile na Gealaí 2020, ar siúl i nGaeltacht Ráth Chairn ar an tríd lá déag de Mhí an Mheithimh. Is í Féile na Gealaí an t-aon fhéile champála cheoil sa tír a eagraítear trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh an fhéile sa bhliain dhá mhíle agus a sé déag agus tá sí ag dul ó neart go neart ó shin i leith.

Mairfidh an fhéile dhá lá agus dhá oíche i mbliana agus is í an phríomhaidhm a bheidh aici ná ceol, cultúr agus ealaíona na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealach úrnua. I measc na gceoltóirí a bheidh ag glacadh páirte san fhéile, beidh an rapálaí agus ceoltóir *hip hop*, Oisín Mac as Cill Mhantáin, an boscadóir, Méabh Ní Bheaglaoich as Gaeltacht Chorca Dhuibhne agus an cumadóir, Róisín Seoighe as Conamara.

Cuirfear fáilte ar leith roimh theaghlaigh ag an bhféile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi imeachtaí do theaghlaigh trí ríomhphost a chur chuig [eolas@féilenagealaí.ie](mailto:eolas@féilenagealaí.ie) agus is féidir ticéad don fhéile a cheannach ar [www.eventbrite.ie](http://www.eventbrite.ie).

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

## **Treasa: Fógra 3**

**(Canúint Uladh)**

### **Muiris:**

Fógra anseo ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair. Tá Oifigeach Cúnta á earcú ag an Chomharchumann le hobair i gcomhar leis an Oifigeach Pleanála Teanga. Is é an príomhdhualgas a bheidh ar an duine a cheapfar ná plean teanga do limistéar Ghaoth Dobhair agus Rann na Feirste a chur i bhfeidhm.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le hardchaighdeán sa Ghaeilge; le taithí ar chúrsaí pleanála teanga; le taithí ar bhainistiú airgeadais agus le scileanna maithe cumarsáide.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig [cfgd@eircom.net](mailto:cfgd@eircom.net) agus is féidir litir iarratais agus CV a chur chuig: An Bainisteoir, Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Caithfidh iarratais a bheith istigh faoin tríú lá is fiche de Mhí na Bealtaine.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá I**  
**(Canúint na Mumhan)**

- Pádraig: Dia duit, a Shorcha. Ar chuala tú go bhfuair Nóirín Bean Uí Chasaide bás le déanaí?
- Sorcha: Chuala mé é sin ar an raidió, a Phádraig. Suaimhneas síoraí di. (Áine)
- Pádraig: Bhí sí an-bhródúil as a cuid mac agus a cuid iníonacha a bhain clú agus cáil amach dóibh féin leis an ngrúpa ceoil, ‘Na Casadaigh’.
- Sorcha: Is fíor duit. Bhí sí fíorbhródúil astu agus is cosúil go bhfuil ag éirí go hanmhaith sa cheol lena cuid garpháistí, leis.
- Pádraig: Tá an ceart agat. Bhain garmhac amháin léi, Maitiú Ó Casaide, Gradam Ceoil TG4 cúpla bliain ó shin, agus ar ndóigh bhain garíníon léi, Sibéal Ní Chasaide, clú amach sa bhliain dhá mhíle agus a sé déag leis an amhrán ‘Mise Éire’.
- Sorcha: Agus ar rugadh Nóirín i mBaile Átha Cliath?
- Pádraig: Níor rugadh, rugadh í sa bhliain naoi déag a sé déag, ar Oileán Dairbhre i gContae Chiarraí.
- Sorcha: Ó! Tá sé sin an-spéisiúil. Shíl mé gur Bhaile Átha Cliathach a bhí inti.
- Pádraig: Agus an raibh a fhios agat go raibh sí ina múinteoir scoile ach gurbh éigean di éirí as an obair nuair a phós sí.
- Sorcha: Bhí sé sin ar eolas agam, ceart go leor, agus nár chigire bunscoile é a fear céile, Seán Ó Casaide?
- Pádraig: Tá an ceart ar fad agat, a Shorcha.
- Sorcha: Ní hamháin go raibh spéis ag an mbeirt acu i gcúrsaí oideachais, ach bhí an bheirt acu an-tiomanta don cheol agus don Ghaeilge.
- Pádraig: Ba chleamhnas iontach é gan aon dabht!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

**Treasa: Comhrá 2**  
**(Canúint Chonnacht)**

- Áine: Dia duit, a Thomáis. Cén chaoi a bhfuil tú?  
(Treasa)
- Tomás: Táim go han-mhaith, a Áine. Cén chaoi a bhfuil tú féin?  
(Seosamh)
- Áine: Thar cionn! Táim ag súil go mór leis an séasúr nua de pheil na mban.
- Tomás: 'Bhfuil aon pheileadóir maith ag foireann na Gaillimhe i láthair na huairé?
- Áine: Bhuel! Tá súil agam go dtabharfar deis d'Ailish Morrisey i mbliana.
- Tomás: Cé hí Ailish Morrisey?
- Áine: Ní raibh sí ar fhoireann na Gaillimhe anuraidh do Chluiche Ceannais na hÉireann ach rinne sí gaisce i mbliana lena club áitiúil, Cill Choirín/Cluain Bheirn.
- Tomás: Ó sea! Nach bhfuil Olivia Divilly agus Louise Ward ag imirt leis an gclub sin?
- Áine: Tá. Ach sílim go raibh Ailish Morrisey ní b'fhearr ná iad i mbliana. Ba í a chinntigh gur bhain a club áit amach i gCluiche Ceannais na hÉireann i gComórtas na gClubanna.
- Tomás: Agus conas a d'imir sí sa chluiche ceannais?
- Áine: Bhí sí go han-mhaith. Sheas sí an fód i rith an chluiche go léir agus scóráil sí trí chúilín.
- Tomás: Agus nach raibh an bua ag Mainistir na Móna ar an lá?
- Áine: Bhí ach léirigh Morrisey a scil. Is é an bua is mó atá aici ná go mbíonn sí an-chruinn i gcónaí.
- Tomás: Is bua tábhachtach é sin in aon imreoir!

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**



**Treasa: Comhrá 3**  
**(Canúint Uladh)**

- Pól: Dia duit! Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall anseo, an féidir liom cuidiú leat?
- Moya: Dia is Muire duit. Is mise Moya Ní Mhaonaigh. Ba mhaith liom m'ínion, Brídín, a chlárú do ranganna ceoil.
- Pól: Iontach! Cén aois í Brídín?
- Moya: Tá sí sé bliana d'aois.
- Pól: Agus ar mhaith léi ranganna a dhéanamh sa cheol clasaiceach, sa cheol traidisiúnta nó sa cheol comhaimseartha?
- Moya: Sa cheol traidisiúnta le do thoil.
- Pól: An bhfuil uirlis cheoil roghnaithe aici?
- Moya: Tá sí ag smaoineamh faoin bhosca ceoil a fhoghlaim, ach níl sí iomlán cinnte go fóill. Chuala mé go dtugann sibh deis do ghasúir triail a bhaint as uirlisí éagsúla.
- Pól: Tá an ceart agat. Is féidir libh uirlis a thógáil amach ar cíós chun triail a bhaint aisti sula gceannaíonn sibh bhur n-uirlis féin.
- Moya: Beidh sé sin ar dóigh. Cé mhéad a chosnaíonn na ceachtanna agus an cíós?
- Pól: Is í an táille ná dhá chéad euro do dheich gceacht ceoil agus tá an cíós uirlise san áireamh sa táille sin fosta.
- Moya: Tá sé sin réasúnta agus cá fhad a mhaireann achan cheacht?
- Pól: Maireann na ceachtanna tríocha bomaite agus bíonn na ceachtanna sa bhosca ceoil ar siúl achan Mháirt ar a seacht a chlog.
- Moya: Feileann an Mháirt ar dóigh dom. Is féidir leat ainm Bhrídín a chur síos agus tchífidh mé thú Dé Máirt seo chugainn.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa: Mír Nuachta 1**

### **(Canúint na Mumhan)**

#### **Tomás:**

Tá níos mó ná cúig chéad duine, ó áiteanna éagsúla ar fud na cruinne, tar éis cur isteach ar dhá phost ar an mBlascaod Mór. Beidh na daoine a cheapfar i bhfeighil ar chaife beag agus beidh siad freagrach as trí theachín lóistín ón gcéad lá d'Aibreán go dtí an chéad lá de Dheireadh Fómhair.

Beidh ar na feighlithe maireachtáil gan áiseanna nua-aimseartha agus ní bheidh leictreachas, Wi-Fi ná cithfholcadáin theo ar fáil dóibh. Beidh orthu úsáid a bhaint as tinte agus coinnle agus gheobhaidh siad an-taithí ar an nádúr agus ar an dúlra.

Dúirt Billy O'Connor a thiomáineann an bád farantóireachta, *The Peig Sayers*, agus a chuir an fógra faoi na folúntais ar an idirlíon an tseachtain seo caite, go raibh ionadh an domhain air go bhfuair sé ríomhphoist faoi na poist ó dhaoine chomh fada i gcéin le hAlasca.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa: Mír Nuachta 2**

### **(Canúint Chonnacht)**

#### **Treasa:**

Ag ócáid speisialta aréir in Óstán Bhóthar na Trá, Gaillimh, insealbhaíodh Uachtarán an Oireachtais, don bhliain 'fiche 'fiche, An tOllamh Gearóid Denvir. Bhí clann agus cairde Ghearóid i láthair nuair a bronnadh Slabhra an Uachtaráin air.

Agus é ag labhairt ag an ócáid dúirt Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir an Oireachtais, go bhfuil seirbhís dhílis dhíograiseach tugtha ag an Ollamh Denvir don Oireachtas thar na blianta agus mar gheall air sin go raibh sé cinnte de go mbeadh sé ina ambasadóir den scoth ar son an Oireachtais i mbliana.

Tar éis na hócáide, dúirt an tOllamh Denvir gur pribhléid ar leith dó a bheith ina Uachtarán ar an Oireachtas i mbliana go mór mór agus an fhéile ag teacht go Gaillimh, Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa, 'fiche 'fiche. Beidh an tOireachtas ar siúl ón tréig lá is fiche de Dheireadh Fómhair go dtí an chéad lá de Mhí na Samhna.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## Treasa: Mír Nuachta 3

### (Canúint Uladh)

#### Caitlín:

Bhí scaifte mór i láthair i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste aréir do Sheoladh Fhéile an Earraigh. Is í Féile an Earraigh an fhéile phobail is mó in Iarthar na hEorpa. Bunaíodh an fhéile sa bhliain naoi déag ochtó is a hocht mar fhreagra dearfach ar an gcoimhlint a bhí coitianta i dTuaisceart na hÉireann ag an am sin.

Ag an ócáid, labhair Packy Lee, an t-aisteoir a bhíonn i ról ‘Johnny Dogs’ sa chlár *Peaky Blinders*, faoi thábhacht na Gaeilge i bhFéile an Earraigh, go háirithe do ghasúir óga atá á dtógáil le Gaeilge.

Dúirt Stiúrthóir na Féile, Kevin Gamble, go bhfuil an-chuid bainte amach ag an bhFéile le dhá bhliain is tríocha anuas. Dúirt sé gurb í an aidhm is mó atá aici ná cairdeas sa phobal áitiúil a chothú agus go bhfuil ag éirí léi é sin a dhéanamh trí réimse de ghníomhaíochtaí cultúir a eagrú.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

**Treasa:**

**Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.**